

Pointí Gramadaí

San alt gairid seo, díritear ar phointí gramadaí áirithe a bhaineann tuisle as scríbhneoirí Gaeilge go minic. Lena chois sin, mínítear polasaí *New English-Irish Dictionary* (NEID) i dtaca le cuid de na pointí míreire sna foinsí éagsúla gramadaí.

Ainmfhocail: ginideach nó ainmneach?

Bíonn scríbhneoirí oilte féin idir dhá chomhairle go minic cé acu ba cheart an t-ainmfhocal Gaeilge a bheith sa tuiséal ginideach nó sa tuiséal ainmneach. Níl na foinsí tagartha ar aon fhocal, agus bíonn tionchar fós ag rialacha a leagadh síos i ngraiméir a foilsíodh tamall maith de bhlianta ó shin. Más mian linn an scéal a thuiscint i gceart, caithfimid dealú idir ainmfhocail chinnte agus éiginnte agus eolas a chur ar na bealaí éagsúla ina ndéantar ainmfhocail a cháiliú.

Ainmfhocail chinnte

Bíonn an t-ainmfhocal cinnte sna cásanna seo a leanas:

- ainmneacha dílse mar *Peadar, Albain, Cumann Lúthchleas Gael*
- ainmfhocail a bhfuil an t-alt leo: *an bhialann, an scéal, na teagascóirí*
- ainmfhocail atá á gcáiliú ag ‘gach’: *gach mí, gach saoránach, gach uile fhocal*
- ainmfhocail atá á gcáiliú ag uimhir a leanann iad: *seomra 3, alt 10, caibidil a hocht déag*
- ainmfhocail a bhfuil aidiacht shealbhach leo: *mo mhála, do theachsa, ár dtraidisiún ceoil*
- ainmfhocail atá á gcáiliú ag ainmfhocal cinnte sa tuiséal ginideach: **bainisteoir** na bialainne, **cósta** na hAlban, **bunreacht** Chumann Lúthchleas Gael

An tuiséal ginideach: rialacha agus eisceachtaí

Is gnách gur sa tuiséal ginideach a bhíonn ainmfhocail chinnte agus éiginnte sna cúinsí seo a leanas:

- Nuair atá an t-ainmfhocal faoi réir ainmfhocal eile: *teach Pheadair, Rialtas na hAlban, fonn ceoil*
- Nuair atá an t-ainmfhocal ina chuspóir ag ainm briathartha: *ag ceistiú Pheadair, ag moladh na hAlban, ag seinm ceoil*
- I ndiaidh réamhfhocal comhshuite: *i láthair Pheadair, ar son na hAlban, le haghaidh ceoil*
- I ndiaidh na réamhfhocal simplí ‘chun’, ‘cois’, ‘dála’, ‘fearacht’, ‘timpeall’, ‘trasna’: *chun na bialainne, timpeall na hAlban, fearacht an cheoil*

Bhí eisceachtaí ann i gcónaí, áfach, nuair nach ndéantar an t-ainmfhocal a infhilleadh ná a chur sa tuiséal ginideach. Is é an eisceacht is suntasaí díobh seo ainmfhocail a bhaineann leis an séú catagóir d’ainmfhocail chinnte sa liosta thuas, i.e. ainmfhocal a rialaíonn ainmfhocal cinnte sa tuiséal ginideach. Fanann siad seo sa tuiséal ainmneach fiú i gcúinsí ina mbeifeá ag súil le hinfhilleadh. Ní bhíonn d’athrú gramadaí ann ach an túsлитir a shéimhiú, más féidir.

- Ainmfhocal + ainmfhocal: *luach **theach** Pheadair, Urlabhraí **Rialtas** na hAlban, tréithe **cheol** na hÉireann*
- Ainm briathartha: *ag maisiú **theach** Pheadair, ag cáineadh **Rialtas** na hAlban, ag bailiú **cheol** na hÉireann*
- Réamhfhocail chomhshuite agus réamhfhocail shimplí áirithe: *timpeall **theach** Pheadair, i gcoinne **Rialtas** na hAlban, i dtaobh **cheol** na hÉireann*

Eisceacht shuntasach eile ná ainmfhocail atá ina gcuspóir ag ainm briathartha i bhfrásaí mar seo:

- *ag iarraidh airgid* ach *ag iarraidh airgead a shaothrú*
- *tar éis an chogaidh* ach *tar éis an cogadh a bhaint*
- *chun na príomhchathrach* ach *chun an phríomhchathair a chosaint*

In NEID, úsáidtear an fhoirm ainmneach den alt agus den ainmfhocal i ndiaidh orduimhreacha: *stair an Dara Cogadh, tús an dara seachtain*. Níl d'eisceacht air sin ach 'c(h)éad', mar shampla *stair an Chéad Chogaidh, tús na chéad seachtaine*.

Tá cás amháin eile ann ina bhfágtar ainmfhocail chinnte gan infhillleadh, is é sin nuair a bhíonn aidiacht shealbhach ('mo', 'do', srl.) roimh an ainmfhocal agus an t-ainmfhocal sin a bheith cáilithe ag aidiacht nó ag ainmfhocal eile sa ghinideach.

- *ag scríobh a dhialainne* ach *ag scríobh a dhialann taistil*
- *seomra a máthar* ach *seomra a máthair chéile*
- *os comhair do thí* ach *os comhair do theach saoire*
- *ag moladh mo ghasúr (iol.)* ach *ag moladh mo ghasúir bheaga*

Ainmfhocail éiginnte agus focail/frásaí cháilithe

Sna cásanna seo a leanas, ní chuirtear infhillleadh an tuisil ghinidigh i bhfeidhm ar ainmfhocail éiginnte atá cáilithe:

- an t-ainmfhocal a bheith ina chuspóir ag ainm briathartha: *ag seinm ceoil* ach *ag seinm ceol meidhreach*
- i ndiaidh réamhfhocal comhshuite: *i mbun ranga* ach *i mbun rang oíche*

Is aidiacht é 'meidhreach' agus is ainmfhocal sa tuiséal ginideach é 'oíche' ach bheadh an toradh céanna air dá ndéanfaí na hainmfhocail a cháiliú ar na bealaí seo a leanas:

- frása aidiachtach: *ag seinm ceol den chéad scoth, ag seinm ceol as an ngnáth, ag seinm ceol ar leith*, srl.
- clásal coibhneasta: *ag seinm ceol nár chualathas a leithéid riamh, ag seinm ceol a fhanfaidh i mo chuimhne go brách*, srl.
- na focail 'aon' agus 'ar bith': *nílimid ag seinm aon cheol, nílimid ag seinm ceol ar bith*
- na réimíreanna 'an-', 'dea-' agus 'sár-': *ag déanamh an-iarracht, ag déanamh dea-iarracht, ag déanamh sáriarracht*

D'fhonn léiriú níos dílse a thabhairt ar an úsáid reatha sa phobal teanga, téann NEID níos faide ná saothair thagartha eile maidir le hainmfhocail éiginnte cháilithe a choinneáil saor ó infhillleadh. Nuair is aonad brí é an t-ainmfhocal agus an focal cáilithe, ní dhéantar iad a infhillleadh.

- *bainisteoir + foireann iomána* = *bainisteoir foireann iomána*
- *buidéal + fion dearg* = *buidéal fion dearg*
- *stiúrthóir + cláir oiliúna* = *stiúrthóir cláir oiliúna*

Is í foirm an ghinidigh iolra a úsáidtear in NEID i gcás ainmfhocail atá á rialú ag uimhreacha pearsanta mar 'beirt', 'triúr' srl.:

- *beirt sagart*
- *beirt teagascóirí*
- *deichniúr fear*
- *deichniúr filí*

Foirmeacha eile den ainmfhocal

Is í foirm an ainmnigh uatha a úsáidtear i ndiaidh ‘dhá’ agus ‘an dá’, mar shampla ‘dhá chat’, ‘dhá chos’, ‘dhá lámh’. Ní dhéantar athrú ar ainmfhocal a thagann sna sála ar réamhfhocal seachas roinnt eisceachtaí seanbhunaithe, mar shampla ‘ar láimh’, ‘faoi chois’, ‘cur i gcéill’, ‘bolg le gréin’, ‘ó chianaibh’ agus ‘ar na mallaibh.’

Claochlú tosaigh

Séimhiú agus réamhlitreacha

Séimhiú an claochlú tosaigh is coitianta sa Ghaeilge. Sa teanga scríofa, is ionann focal a shéimhiú agus *h* a chur le consan tosaigh an fhocail: *Thit an bhean den chathaoir*.

Glactar leis, trí mhíthuiscint, gur séimhiú atá i gceist nuair a chuirtear *h* roimh ghuta. Shílfeá gur mar a chéile an *h* seo agus an *h* seo eile, ach caithfear an dá ghné seo den ghramadach a dhealú ó chéile, ar fhaitíos botúin a dhéanamh. An réamhlitir *h* atá i gceist sna samplaí seo thíos.

- *an dara hoíche*
- *Sorcha agus a hiníon*
- *go hArd Mhacha*

Ach féach nach gcuirtear séimhiú ar ainmfhocail a thosaíonn ar chonsan sna cásanna céanna:

- *an dara seachtain*
- *Sorcha agus a mac*
- *go Cluain Meala*

Séimhiú, urú agus an réamhlitir t

Tá dhá chóras (‘an Córas Lárnach’ agus ‘Córas an tSéimhithe’) leagtha síos in CO 2017 le haghaidh ainmfhocail uatha sa tuiseal tabharthach a bhfuil réamhfhocal agus an t-alt rompu. Cloíonn NEID le gnásanna an Chórais Lárnaigh, atá ar aon dul le FGB.

- Is gnách an t-ainmfhocal uatha a urú i ndiaidh réamhfhocal simplí + an t-alt: *ar an mbóthar*. Nóta: tá an séimhiú inghlactha sa Ghaeilge chaighdeánach chomh maith: *ar an bhóthar*.
- Séimhítear i ndiaidh *den*, *don* agus *sa* (más féidir an t-ainmfhocal a shéimhiú): *duine den chlann*, *bia don pháiste*, *cara sa chúirt*. Nóta: tá an t-urú inghlactha sa Ghaeilge chaighdeánach chomh maith: *den gclann*, *don bpáiste* agus *sa gcúirt*.
- Ní shéimhítear ná ní uraítear ainmfhocail a thosaíonn ar *d* nó *t*: *leis an dochtúir*, *faoin tábla*.
- Cuirtear *t* le tús ainmfhocail bhaininsneacha a thosaíonn ar *s* + guta: *ag an tseanbhean* ach *ag an seandúine*. Nóta: tá an réamhlitir *t* roimh ainmfhocail fhirinsneacha a thosaíonn le *s* + guta inghlactha sa Ghaeilge chaighdeánach chomh maith de réir Chórais an tSéimhithe: *ag an tseandúine*.

Ní shéimhítear aidiachtaí a cháilíonn ainmfhocail uatha sa tuiseal tabharthach ach amháin más baininsneach don ainmfhocal: *ar an tsráid chúng* ach *ar an mbóthar cúng*.

Séimhiú nó loime i ndiaidh focail dírithe

I gcaibidil 10 de CO 2017, leagtar síos sraith eisceachtaí ar na rialacha a bhaineann le séimhiú ar ainmfhocail a cháilíonn ainmfhocail bhaininsneacha. Tá NEID agus CO 2017 de réir a chéile faoi roinnt mhaith de na heisceachtaí seanbhunaithe, ach níltear ar aon chomhairle faoi na samplaí thíos.

CO 2017	NEID
Ní shéimhítear cáilitheoirí sa ghinideach iolra, m.sh. <i>scoil buachaillí, traein phaisinéirí</i> .	Cloíonn NEID le séimhiú, mar atá in FGB: <i>scoil bhuachaillí, traein phaisinéirí</i> . Bíodh sin mar atá, cloíonn NEID le riail sheanbhunaithe a bhaineann le hainmfhocail sa ghinideach iolra, i.e. ní shéimhítear iad i ndiaidh cnuasainmneacha: <i>buíon cailíní, sraith mórchluichí, scuaine gluaistean</i> .
Ní shéimhítear ainmfhocal a cháilíonn ainmfhocal eile más duine, ainmhní nó neach beo nó cuid de dhuine, d'ainmhní nó de neach beo é an dara hainmfhocal, m.sh. <i>scian búistéara, ubh circe, cill planda, ordóg coise, péist goile</i> .	Ar an mórgóir, cloíonn NEID leis an séimhiú mar atá in FGB: <i>scian bhúistéara, ubh circe, cill phlanda, ordóg choise, péist ghoile</i> .
Ní shéimhítear ainmfhocal a cháilíonn ainmfhocal teibí a díorthaíodh ó aidiacht, m.sh. <i>sábháilteacht bóthair, dílseacht pictiúir</i> .	Ní dhéantar an riail nua seo a chur i bhfeidhm in NEID: <i>sábháilteacht bhóthair, dílseacht bhranda</i> .
Ní shéimhítear ainmfhocail a cháilíonn ainmfhocail bhaininscneacha áirithe a bhaineann le cúrsaí rialtais agus riaracháin. Ina measc seo tá <i>aicme, corparáid, cuideachta, earnáil, feidhmeannacht, foireann, gníomhaireacht, institiúid, oifig, rannóg, scéim</i> agus <i>seirbhís</i> .	In NEID, pléitear leis na focail seo ar nós ainmfhocail bhaininscneacha eile: <i>an aicme cheannais, earndáil mhiondíola, oifig thosaigh, scéim mharcála</i> , srl. Tabhair faoi deara, áfach, nach séimhítear i ndiaidh na bhfocal <i>comhairle</i> agus <i>roinn</i> i dteidil eagraíochtaí stáit agus riaracháin. • <i>comhairle chogaidh</i> ach <i>comhairle contae</i> • <i>roinn chainte</i> ach <i>an Roinn Cosanta</i>

Uimhreacha

I gcás ainmfhocail atá á rialú ag uimhreacha atá inroinnte ar a deich, cloíonn NEID le húsáid FGB, is é sin an tuiséal ainmneach uatha a úsáid: *fiche bliain, caoga cóip*. Is í an riail chéanna a bhíonn i bhfeidhm is cuma cé acu san iolra nó san uatha atá an uimhir féin:

- *céad duine/na céadta duine*
- *míle bliain/na mílte bliain*
- *milliún vóta/na milliúin vóta*
- *billiún dollar/na billiúin dollar*

Ní hionann é sin agus CO 2017, a mholann foirm an ghinidigh iolra den ainmfhocal a úsáid i ndiaidh uimhreacha san iolra atá inroinnte ar a deich, m.sh. *na céadta daoine, na mílte dathanna*.

In NEID, nuair a bhíonn aidiacht ag cáiliú ainmfhocal atá á rialú ag uimhir, scríobhtar an aidiacht i gcomhréir le hinscne agus le huimhir an ainmfhocail.

- *trí bhosca mór* (ainmfhocal firinscneach, uimhir uatha)
- *cúig chathaoir mhór* (ainmfhocal baininscneach, uimhir uatha)
- *naoi gcinn mhóra* (ainmfhocal firinscneach, uimhir iolra)

Ní hionann é sin agus CO 2017, a mholann foirm iolra den aidiacht maille séimhiú a scríobh i ndiaidh ainmfhocail uatha, bíodh sé baininscneach nó firinscneach, m.sh. *trí bhosca mhóra, cúig chathaoir bheaga*. Tugtar an dá fhoirm sna hiontrálacha sin in NEID a mbíonn uimhreacha i gceist iontu. Cuirtear an lipéad *formal* (sa leagan ar líne) nó *fml* (sa leagan clóite) le foirm CO 2017 chun a chur in iúl gurb í sin an fhoirm is oiriúnaí i dtéacsanna foirmeálta.

three (counting things, units) trí ► (generally with singular noun in Irish) ~ **chairs** trí chathaoir; **in** ~ **places** i dtrí áit; **it has ~ parts** tá trí chuid ann; **answer the ~ questions** freagair na trí cheist; **it's ~ cm long** tá sé trí cm ar fad; **it's ~ miles from here** tá sé trí mhíle as seo; ~ **heavy boxes** trí bhosca trom, trí bhosca throma *fml*; **the ~ red apples** na trí úll dearg, na trí úll dhearga *fml*; ~ **busy months** trí mhí ghnóthach, trí mhí ghnóthacha *fml*; **the ~ cold nights** na trí oíche fhuar, na trí oíche fhuara *fml*; **it cost ~ or four dollars** chosain sé trí nó ceithre dhollar, chosain sé trí nó ceathair de dhollair

An chopail

Ba agus b'

San aimsir chaite den chopail, úsáidtear na foirmeacha *ba* agus *b'* roimh fhocail a thosaíonn ar ghuta nó ar *fh* + guta. Is iad *dá mba* agus *dá mb'* na foirmeacha a úsáidtear sa mhodh coinníollach. Ní hé, áfach, go bhfuil *ba/b'* ná *dá mba/dá mb'* inmhálartaithe. Úsáidtear i gcúinsí ar leith iad, mar a mhínítear sna táblaí thíos.

Ba / Dá mba
Le forainmneacha agus le forainmneacha réamhfhoclacha: • <i>Ba í Eibhlín a bhí ann.</i> • <i>Ba iadsan ba chúis leis.</i> • <i>Ba aici a bhí an bua.</i> • <i>Dá mba agamsa an t-airgead sin!</i>

Ba / Dá mba
Le réamhfhocail: <i>Ba as Luimneach í.</i> <i>Ba in aghaidh mo thola a rinne mé é.</i> <i>Dá mba ar an Luan a tháinig tú chugam.</i>
Le dobhriathartha neamhaidiachtacha, i.e. dobhriathra a chuireann síos ar shuíomh, am, srl. <i>Ba inné a labhair mé leis.</i> <i>Ba ann a bhíomar inár gcónaí.</i>

B' / Dá mb'
Le hainmfhocail: <i>B'aisteoir fóna é.</i> <i>B'fhile cumasach í.</i> <i>Dá mb'fhear saibhir mé.</i>
Le haidiachtaí: <i>B'iontach an radharc a bhí ann.</i> <i>B'fhurasta dom í a thuiscint.</i> <i>Dá mb'fhada an chéad leabhar, b'fhaide fós an dara ceann.</i>
Le dobhriathra aidiachtacha agus leis an bhfocal <i>amhlaidh</i>: <i>B'annamh a bhíodh sé ina aonar.</i> <i>B'amhlaidh a dhéantaí im sa teach fadó.</i> <i>B'fhileata mar a labhair sí.</i>
Leis na forainmneacha giorraithe <i>eo, in</i> agus <i>iúd</i>: <i>B'eo chugainn na Gardaí.</i> <i>B'in an fhirinne lom.</i> <i>B'iúd amach an madra.</i>

Gur agus *gurb*

Má thagann an cónasc *gur* roimh fhocail a thosaíonn ar ghuta, úsáidtear *gur* nó *gurb* de réir na dtáblaí thíos.

Gur
Le hainmfhocail, seachas roinnt bheag eisceachtaí: • <i>Is dóigh liom gur Iodáilis atá á labhairt acu.</i> • <i>Nach dóigh leat gur airgead amú atá ann?</i> • <i>Deir sé gur oifigeach airm é.</i>
Le haidiachtaí agus le dobhriathartha (seachas an focal <i>amhlaidh</i>): • <i>Is cinnte gur ait an scéal é.</i> • <i>Deirtear gur iontaí firinne ná finscéal.</i> • <i>Cé gur annamh a labhraím léi.</i> • <i>Creidtear gur anall ón Mór-Roinn a thagann siad.</i>
Le réamhfhocail agus le forainmneacha réamhfhoclacha: • <i>Ceapaim gur as Dún Dealgan í.</i> • <i>Cé gur in Éirinn atá sé.</i> • <i>Is dócha gur ormsa atá an locht.</i> • <i>Deirtear gur ann atá an talamh is fearr.</i>

Gurb
Leis na hainmfhocail <i>acmhainn</i>, <i>áil</i>, <i>éigean</i> agus <i>eol</i> i bhfrásaí réamhfhoclacha: • <i>Ní chreidim gurb acmhainn don chomhlacht fanacht i mbun gnó.</i> • <i>Ó tharla gurb áil leat casadh léi.</i> • <i>Is trua gurb éigean duit imeacht.</i> • <i>Ní féidir gurb eol dó na rudaí sin go léir.</i> Is <i>gur</i> a úsáidtear, áfach, más mar ainmfhocail neamhspleácha a úsáidtear na focail thuas: <i>Is cinnte gur acmhainn nádúrtha luachmhar atá ann.</i>
Leis an bhfocal <i>amhlaidh</i>: • <i>Is trua liom gurb amhlaidh atá.</i> • <i>Deir sí gurb amhlaidh a goideadh airgead uaithi.</i>
Le forainmneacha, lena n-áirítear na leaganacha giorraithe <i>eo</i>, <i>in</i> agus <i>iúd</i>: • <i>Níl aon amhras ach gurb iad is fearr.</i> • <i>Glacaim leis gurb eisean a rinne é.</i> • <i>Tá a fhios agat féin gurb ea.</i> • <i>Deir sí gurb in an leigheas is fearr air.</i>